



**An Roinn Oideachais
agus Scileanna
Department of
Education and Skills**

Socruithe Ath-implonaithe ag Leibhéal na Bunscoile do Bhuanmhúinteoirí agus Múinteoirí CID (Conradh Tréimhse Éiginnte) le cois

Feabhra 2019

Is leis na Príomhphainéil ath-implonaithe a leagtar amach anseo thíos, agus leo sin amháin, a bhaineann an doiciméad seo, i.e. Príomhphainéil ar féidir buanmhúinteoirí/múinteoirí CID le cois a chur orthu

- An Eaglais Chaitliceach (ar bhonn deoisí)
- Eaglais na hÉireann (ar bhonn deoisí/deoisí comhaontaithe)
- Tá a phainéal féin ag gach Ord Rialta
- Le Chéile (Educate Together) (painéal náisiúnta)
- An Foras Pátrúnachta (painéal náisiúnta)
- Príomhphainéal Náisiúnta Speisialta

Leagtar an doiciméad seo amach i bhformaid FAQ (Ceisteanna Coitianta), agus tá sé dírithe ar thacaíocht a thabhairt do bhainistíocht scoile, múinteoirí agus Baill Phainéal maidir leis an bpróiseas athimplonaithe ag leibhéal na Bunscoile. Cuirfear tuilleadh Ceisteanna Coitianta leis de réir mar is gá.

Ba chóir gach ceann de na Ceisteanna Coitianta agus freagraí sa doiciméad seo a léamh sa chomhthéacs gurb í príomhfheidhm na socruithe ath-implonaithe ná ath-implonú na mbuanmhúinteoirí agus múinteoirí CID le cois uile chuig scoileanna a bhfuil folúntais acu a

éascú. Tá ath-implonú na mbuanmhúinteoirí agus múinteoirí CID le cois uile riachtanach do chumas na Roinne bainistiú laistigh dá buiséad párolla.

Tugann an doiciméad seo léargas ar na leasuithe éagsúla a rinneadh le blianta beaga anuas ar na socrúithe do phainéil ath-implonnaithe.

Leagtar an doiciméad amach i ranna mar seo a leanas:

Roinn 1 - Eolas Ginearálta

Roinn 2 - Cearta Phainéil a Leagan Amach

Roinn 3 - An Próiseas Iarratais don bPríomhphainéal Ath-implonnaithe

Roinn 4 - Rochtain ar an bPríomhphainéal Ath-implonnaithe a Chur Siar

Roinn 5 - Díolúine ón bPríomhphainéal Ath-implonnaithe

Roinn 6 - Feidhmiú an Phríomhphainéal Ath-implonnaithe

- 6.1 Folúntais i mBunscoileanna*
- 6.2 Cinéalacha Folúntas le líonadh ag an bPríomhphainéal Ath-implonnaithe*
- 6.3 Poist a líonadh ag an bPríomhphainéal Ath-implonnaithe*
- 6.4 Cleanglais maidir le Poist a Thairiscint agus a Ghlacadh agus an Príomhphainéal Ath-implonnaithe a Uasdátú*

Roinn 7 - Eolas d'Oibreoirí Painéil

Roinn 8 - Treoir d'Oifigigh Painéil

Ba cheart an doiciméad a léamh i gcomhar le Ciorclán 0019/2019 - Socrúithe Soláthar Foirne i mBunscoileanna don scoilbhliain 2019/20.

Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara go bhfuil dáileadh na bpost múinteoireachta uile ar scoileanna ag brath ar chomhlíonadh na scoileanna leis na socruithe ath-implonaithe. Beidh an Roinn ag déanamh monatóireacht ar chomhlíonadh na socruithe seo tríd an eolas a fhaightear trí oibriú an phárolla.

Foilseofar na príomhphainéil ath-implonaithe faoi dheireadh mhí Aibreáin. Cuirfear an fráma ama don bpróiseas chun buanmhúinteoirí/múinteoirí CID le cois a imlonnú in iúl ag an bpointe seo. Le linn an phróisis ath-implonaithe beidh dlúthchaidreamh ag an Roinn le hOibreoirí Painéil maidir le dul chun cinn ar phainéil a ghlanadh ar bhealach tráthúil. Is í an sprioc atá ann ná go ndéanfar tromlach mór an ath-implonaithe le linn an phróiseis atá á threorú ag na scoileanna, agus go gceapfar Oifigigh Painéil tar éis sin. Tosóidh próiseas na nOifigeach Painéil leis an scoil sa phátrúnacht chéanna a bhfuil folúntas aici agus is gaire don scoil ina bhfuil an úinteoir le cois.

Roinn 1 - Eolas Ginearálta

1.1 Cén fáth a bhfuil próiseas ath-implonaithe ann?

Is í príomhfheidhm na socrúithe ath-implonaithe ná ath-implonú na mbuanmhúinteoirí agus múinteoirí CID le cois uile chuig scoileanna a bhfuil folúntais acu a éascú. Tá ath-implonú na mbuanmhúinteoirí agus múinteoirí CID le cois uile riachtanach do chumas na Roinne bainistiú laistigh dá buiséad párolla agus den teorainn ar líon na múinteoirí.

1.2 Cad é an Príomhphainéal?

Tá gach Príomhphainéal teoranta do bhuanmhúinteoirí/múinteoirí CID le cois d'fhonn a chinntiú go dtairgtear folúntais do na múinteoirí seo ar an gcéad dul síos. Ní mór folúntais a thagann aníos i scoileanna a thairiscint, sa chéad dul síos do na múinteoirí seo.

1.3 Cén uair a mbeidh an An Príomhphainéal Ath-implonaithe ar fáil?

Tá an Roinn ag súil go mbeidh na Príomhphainéil ar fáil go mall ag deireadh Aibreáin. Tabharfar fógra do scoileanna tríd an gCóras Éilimh Ar Líne, trí huíomh gréasáin na Roinne agus trí shuíomh gréasáin na n-Oibreoirí Painéil/n-eagraíochtaí bainistíochta éagsúla go bhfuil na painéil eisithe.

1.4 Conas a fheidhmíonn an próiseas ath-implonaithe?

Déantar buanmhúinteoirí/múinteoirí CID le cois a ath-implonú chuig scoileanna le folúntais trí na Príomhphainéil seo a leanas

- An Eaglais Chaitliceach (ar bhonn deoisí)
- Eaglais na hÉireann (ar bhonn deoisí/deoisí comhaontaithe)
- Tá a phainéal féin ag gach Ord Rialta
- Le Chéile (Educate Together) (painéal náisiúnta)
- An Foras Pátrúnachta (painéal náisiúnta)
- Painéal Náisiúnta Speisialta (painéal náisiúnta arna fheihmiú ag an Roinn)

Tá soláthar sna socrúithe ath-implonaithe freisin do huanmhúinteoirí/múinteoirí CID le cois nach bhfuil rochtain acu ar phainéal ath-implonaithe.

1.5 Cad iad na cineálacha folúntas is féidir a thairiscint do bhuanmhúinteoirí/múinteoirí CID le cois?

Ní mór folúntais mhúinteoireachta a thairiscint do bhuanmhúinteoirí/múinteoirí CID ar Phríomhphainéal san ord osaíochta seo a leanas:

- a) Buanfholúntais laistigh de limistéar an phainéil (e.g. deoise)

- b) Folúntais sainchuspóra agus folúntais ar théarma seasta laistigh de limistéar an phainéil (e.g. deoise) a mhaireann tréimhse na scoilbhliana iomláine nó a cheadaítear an chéad lá oibre de mhí na Samhna nó roimhe sin agus ar don tréimhse den scoilbhliain atá fágtha iad.

Féadfaidh buanmhúinteoirí/múinteoirí CID e cois roghnú ost a hacadh lasmuigh den gha 45km dá scoil roimhe sin laistigh dá imistéar painéil reatha.

Roinn 2 - Cearta Phainéil a Leagan Amach

2.1 Conas atá a fhios agam má tá buanmhúinteoir/múinteoir CID le cois i mo scoil?

Gach bliain is féidir le scoil a leithdháiltí don scoilbhliain a chinneadh, ó Aguisíní A agus C leis an Imlitir Foirne. Má tá níos mó múinteoirí sa scoil ná mar atá ceadaithe ag do leithdháileadh, bíonn múinteoir(i) sa bhreis ar riachtanais na scoile.

Tabharfaidh an Príomhoide/Cathaoirleach fógra don bhuanmhúinteoir / múinteoir CID is sóisearaí nach féidir é/í a choinneáil sa scoil agus gur chóir dó/dí an Fhoirm Iarratais don Phríomhphainéal a líonadh isteach agus a chur ar ais chuig an Roinn faoin 21 Márta 2019.

2.2 An féidir duine eile a chur ar an bPríomhphainéal Ath-implonnaithe in áit an bhuanmhúinteora/CID le cois is sóisearaí sa scoil?

In imthosca eisceachtúla, is féidir leis an múinteoir is sóisearaí cead a iarraidh ón mBord Bainistíochta go gcuirfear buanmhúinteoir/múinteoir CID eile sa scoil céanna ina (h)áit ar an bPríomhphainéal.

Má lorgaíonn an buanmhúinteoir/múinteoir CID is sóisearaí go ndéanfaí ionadaíocht air/uirthi ar an bPríomhphainéal ní mór do bhuanmhúinteoir/múinteoir CID ar bith eile, a bhfuil suim acu dul ar an bPainéal, a s(h)eamh a chur in iúl don Chathaoirleach laistigh de *5 lá oibre* ó eisiúint an sceidil foirne.

Má dhéanann níos mó ná buanmhúinteoir/múinteoir CID amháin iarratas le bheith curtha ar an bpainéal in ionad an bhuanmhúinteora/mhúinteora CID is sóisearaí, déanfaidh an Bord Bainistíochta (BB) na hiarratais ar fad a mheas. Cinnfidh an BB cé acu an nglacfar le hiarratas an bhuanmhúinteora/mhúinteora CID is sóisearaí go gcuirfí buanmhúinteoir/múinteoir CID ar an bpainéal ina hionad. Má chinneann sé gur féidir ionadaíocht a dhéanamh ar an mbuanmhúinteoir/múinteoir CID is sóisearaí ar an bpainéal, cinnfidh sé cén iarrthóir buanmhúinteoir/múinteoir CID atá le teacht in ionad ar an mbuanmhúinteoir/múinteoir CID is sóisearaí.

Ní mór don mhúinteoir a roghnaítear iarratas a dhéanamh chuig an bPátrún chun cead a fháil dul ar an bPainéal in áit an bhuanmhúinteora/mhúinteora CID is sóisearaí sa scoil

Is ag an bPátrún a bheith an cinneadh deiridh maidir le múinteoir a scaoileadh ar an bpainéal agus inseofar na cúiseanna don Phátrún nuair atá sé beartaithe duine eile a chur in áit an bhuanmhúinteora/mhúinteora CID is sóisearaí.

Tabhair faoi deara: Ní fhéadann múinteoirí a bhfuil conarthaí sainchuspóra nó conarthaí ar héarma seasta acu ná múinteoirí ionaid sa scoil áit an bhuanmhúinteora/mhúinteora CID is sóisearaí a ghlacadh ar an bPríomhphainéal Ath-implonaithe.

2.3 An féidir leis an bPríomhoide roghnú a bheith curtha ar an bPríomhphainéal ath-implonaithe?

Ní féidir. An t-aon chúinse ina gcuirtear Príomhoide ar an bpainéal ath-implonaithe ná nuair a dhúntar scoil. Nuair a chinneann pátrún scoil a dhúnadh ba chóir don Phríomhoide an Fhoirm Iarratais don Phríomhphainéal a líonadh isteach agus í a chur faoi bhráid Rannóg Leithdháileadh Bunmhúinteoirí na Roinne.

2.4 Cad a tharlaíonn nuair nach bhfuil an buanmhúinteoir/múinteoir CID is sóisearaí inghlachta le go gcuirfead é/í ar an bPríomhphainéal Ath-implonaithe?

Ní mór don bPríomhoide an múinteoir a chur ar an eolas láithreach. Ba chóir don mhúinteoir Cuid 1 den Fhoirm Iarratais ar an bPríomhphainéal a líonadh isteach, ag fágáil ainm an phainéil i gCuid 1 bán. Ní mór do Chathaoirleach an Bhord Bainistíochta Codanna 3 agus 4 a chomhlánú agus a chur ar aghaidh chuig Rannóg Leithdháileadh Bunmhúinteoirí na Roinne.

2.5 Cad é a tharlaíonn mura bhfuil rochtain ag an mbuanmhúinteoir/múinteoir CID i scoil ar phainéal ath-implonaithe?

Ba chóir don bhuanmhúinteoir/múinteoir CID iarratas a dhéanamh chuig na hOibreoirí Painéil eile sa limistéar do rochtain ar a bpainéil. Ní mór don iarratas seo cruthúnas a áireamh ar incháilitheacht an mhúinteora nó do shocrúchán ar an bpainéal i.e. cruthúnas ar cháilíochtaí, promhadh agus clárúchán leis an gComhairle Mhúinteoireachta srl., chomh maith le comhlíonadh ar aon riachtanais a bheidh ag an bPátrún.

Má éiríonn leis/léi, ba chóir dó/di Foirm Iarratais an Phríomhphainéil a líonadh isteach agus a chur faoi bhráid Rannóg Leithdháileadh Bunmhúinteoirí na Roinne. Ba chóir go mbeadh cóip den deimhniú ón Oibreoir Painéil go bhfuil glachta leis an múinteoir **ar an bpainéal sin** iniata freisin. Is ag an bPátrún amháin atá an cinneadh glacadh le d'iarratas chun dul ar an bPainéal.

Mura n-éiríonn leis/léi rochtain a fháil ar phainéal eile, ba chóir dó/di Foirm Iarratais an Phríomhphainéil a chomhlánú, á thabhairt seo le fios, ag fágáil Ainm an Phainéil ag Cuid 1 folamh, agus í a chur faoi bhráid Rannóg Leithdháileadh Bunmhúinteoirí na Roinne, a dhéanfaidh teagmháil leis an múinteoir maidir lena (h)athlonnú.

2.6 Cad a tharlaíonn má tá post ranga speisialta nó post acmhainne á chailleadh ag scoil agus má tá clárúchán iomlán ag an múinteoir sa phost sin leis an gComhairle Mhúinteoireachta faoi Bealach 4/ Rialachán 3/Montessori & Eile nó faoi Alt 31(2) agus 31(3) Montessori & Eile ach nach é/í an buanmhúinteoir/múinteoir CID is sóisearaí sa scoil?

Más féidir an múinteoir a ath-implonnú áit eile sa scoil, i.e., má tá post ranga speisialta agus/nó post eile Múinteoir Oideachais Speisialta (S.E.T.) ag an scoil a bhfuil sé/sí cáilithe le múineadh, is féidir é/í a chur sa phost sin agus cuirtear an buanmhúinteoir/múinteoir CID is sóisearaí sa scoil ar an bPríomhphainéal ath-implonnaithe nó ar an bPríomhphainéal Náisiúnta Speisialta mar is cuí ag brath ar cháilíochtaí.

Má tá na poist ranga speisialta/poist S.E.T. (Múinteoir Oideachais Speisialta) ar fad sa scoil i seilbh múinteoirí leis an gclárúchán thuasluaite agus má tharraingítear siar ceann amháin de na poist seo, ansin cuirtear an duine is sóisearaí de na múinteoirí sna poist ranga speisialta/poist acmhainne, más incháilithe, ar an bPríomhphainéal Náisiúnta Speisialta.

Mura bhfuil ach post amháin ranga speisialta/ S.E.T. (Múinteoir Oideachais Speisialta) sa scoil agus má tá sé á tharraingt siar agus má tá an clárúchán thuasluaite ag an múinteoir sa phost, cuirtear an múinteoir, más incháilithe, ar an bPríomhphainéal Náisiúnta Speisialta.

2.7 Is múinteoir CID lánaimseartha mé. An féidir liom roghnú a bheith curtha ar an bPríomhphainéal Ath-implonnaithe má tá post ar fáil i mo scoil?

Ní féidir. Fanann tú i do scoil a fhad is go bhfuil post ar fáil i do scoil, lánaimseartha nó ar théarma seasta, don bhliain scoile iomlán. Níl sé ina rogha go molfá thú féin a chur ar an bPríomhphainéal. Mar sin féin, i gcás ina bhfuil barrachas foirne ag do scoil agus gur tú an múinteoir is sóisearaí, tá feidhm ag na gnáthshocruithe ath-implonnaithe.

2.8 Is múinteoir CID páirtaimseartha mé agus rinneadh athrú ar leagan amach na bpoist Oideachais Speisialta i mo scoil don bhliain scoile 2019/20. Conas a n-athlonnfar mé?

Má mhaireann an leithdháileadh páirtaimseartha sa scoil, agus más mian leis an scoil an leithdháileadh páirtaimseartha sin a chomhcheangal chun post roinnte S.E.T. lánaimseartha a chruthú, agus an scoil sin mar an scoil bhunáite, féadfaidh an múinteoir CID an post roinnte lánaimseartha S.E.T. a ghlacadh.

2.9 Is buanmhúinteoir/múinteoir CID le cois mé, cláraithe go hiomlán leis an gComhairle Mhúinteoireachta faoi Bealach 1/Rialachán 2/Bunscoile agus táim cáilithe go hiomlán d'earnáil na bunscoile. Cén painéal a bhaineann liomsa?

An Príomhphainéal Ath-implonaithe.

2.10 Is buanmhúinteoir/múinteoir CID le cois láncháilithe agus profa mé. Tá clárúchán iomlán agam leis an gComhairle Mhúinteoireachta faoi Bealach 4/Rialachán 3/Montessori agus Eile/Alt 31(2) agus 31(3) Montessori & Eile. Cén painéal a bhaineann liomsa?

An Príomhphainéal Náisiúnta Speisialta Ath-implonaithe.

2.11 Is buanmhúinteoir/múinteoir CID le cois i scoil speisialta mé. Is múinteoir cáilithe iarbhunscoile mé Cén painéal a bhaineann liomsa?

Déanfar tú a ath-implonnú, más incháilithe, tríd an scéim ath-implonaithe iarbhunscoile ach amháin má tá folúntas i scoileanna speisialta áirithe a bhfuil tú cáilithe ina leith agus inar féidir tú a ath-implonnú. Ba chóir duit dul i dteagmháil le Rannóg Leithdháileadh Bunmhúinteoirí na Roinne maidir leis an gceist seo.

Roinn 3 - An Próiseas Iarratais don bPríomhphainéal Ath- imlonnaithe

3.1 Conas is féidir leis an mbuanmhúinteoir/múinteoir CID is sóisearaí rochtain a fháil ar an bPríomhphainéal.

Más tusa an buanmhúinteoir/múinteoir CID is sóisearaí le cois sa scoil ba chóir duit socrú a dhéanamh an Fhoirm Iarratais don Phríomhphainéal a líonadh isteach. (Aguisín E Chiorcláin 0019/2019) Ba chóir don Chathaoirleach Cuid 3 (más cuí) agus Cuid 4 den fhoirm a shíniú.

Ba chóir an fhoirm seo a chur isteach chuig Rannóg Leithdháileadh Bunmhúinteoirí na Roinne a luaithe agus is féidir agus, ar aon chaoi ar an 21 Márta 2019 nó roimhe. Moltar don mhúinteoir cruthúnas postála a choinneáil.

Má theipeann ar an múinteoir an fhoirm a chur isteach beidh moill ann é/í a chur ar an bpainéal mar thoradh air sin. Níl an Roinn freagrach as aon chailleanas de thoradh teipe de chineál sin.

3.2 Cad iad na príomhgealltanais a chaithfidh múinteoir a thabhairt agus iarratas á dhéanamh aige/aici ar rochtain ar an bpainéal?

Ní mór do mhúinteoirí na gealltanais seo a leanas a thabhairt agus iarratas á dhéanamh acu ar áit ar an bPríomhphainéal:

- tuigean tú go mbeidh an fhaisnéis atá tugtha ar an iarratas faoi réir fíoraithe ag an Roinn sula gcuirfear d'ainm ar aghaidh chuig an bPátrún ábhartha lena chur ar an bpainéal. Dá réir sin, tuigean tú nach bhfaighidh tú rochtain ar an bpainéal mar thoradh ar an iarratas a chomhlánú uaidh féin amháin agus gur faoin bPátrún ábhartha atá sé an cinneadh deiridh a dhéanamh maidir le d'iontráil ar phainéal.
- tá tú sásta go bhfuil tú ar an mbuanmhúinteoir/múinteoir CID is sóisearaí atá incháilithe sa scoil/gur thairg tú cearta painéal a mhalartú leis an mbuanmhúinteoir is sóisearaí atá incháilithe sa scoil, agus cead faighte agat ó Phátrún na scoile déanamh amhlaidh
- aontaíonn tú go gcloífidh tú leis na socruithe ath-imlonnaithe lena rialaítear oibriú an phríomhphainéil ath-imlonnaithe ag leibhéal na bunscoile.
- glacann tú leis go mbainfear d'ainm den Phainéal sna cásanna seo a leanas:
 - ní féidir teagmháil a dhéanamh leat, agus na sonraí a thugtar ar d'fhoirm iarratais á n-úsáid
 - teipeann ort freagra a thabhairt laistigh de thrí lá féilire ar aon chuireadh chun agallaimh ó scoil, lena n-áirítear aon iarratais den sórt sin a thugtar le ríomhphost
 - diúltaíonn tú freastal ar agallamh laistigh de na teorainneacha achair comhaontaithe

- teipeann ort freagra a thabhairt laistigh de thrí lá féilire ar aon tairiscint ar phost ó scoil, lena n-áirítear aon tairiscint den sórt sin a thugtar le ríomhphost
- diúltaíonn tú glacadh le tairiscint ar phost a thagann faoi na teorainneacha comhaontaithe faid
- sa chás go ligfidh tú do do chlárúchán leis an gComhairle Mhúinteoireachta dul in éag, nó sa chás go mbainfear tú den Chlár ar chúis ar bith, glacann tú leis go mbainfear tú den Phainéal agus/nó go gcuirfear deireadh láithreach le d'fhostaíocht leis an scoil ina bhfuil tú ath-implonaithe.
- glacann tú leis go mbeidh aon cheapachán a éireoidh as an bpainéal seo faoi réir na gceanglas riachtanach grinnfhiosrúcháin.
- glacann tú leis go mbeidh aon cheapachán a éireoidh as an bpainéal seo faoi réir scagadh leighis, nuair is cuí.
- sa chás go nglacfaidh tú le post don scoilbhliain 2018/19 nó go gcinnfidh tú an painéal a fhágáil ar chúis ar bith, geallann tú go dtabharfaidh tú fógra faoi sin don Oibreoir Painéil ábhartha agus Foirm Nuashonraithe Painéil (PUF) atá comhlánaithe a chur faoi bhráid Rannóg Leithdháileadh Bunmhúinteoirí na Roinne. Sa chás go bhfágfaidh tú an painéal ar chúis ar bith, tuigeann tú nach féidir thú a athchur ar an bpainéal ina dhiaidh sin.
- glacann tú leis go mbeidh aon cheapachán ón bpainéal ag brath ar na téarmaí agus coinníollacha a leagfar amach sa litir thairisceana/in aon litir thairisceana ón scoil is fostóir/ón bhfostóir.
- Má theipeann ort ceann ar bith de na coinníollacha thuasluaite a chomhlíonadh, cuirfear deireadh le do rochtain ar an bpainéal.

3.3 Cad a tharlaíonn má chuireann múinteoir tic leis an mbosca ar Fhoirm Iarratais na Phríomhphainéil chun a chur in iúl go bhfuil spéis ar leith aige/aici in ath-implonú chuig scoil laistigh de limistéar mo phainéil a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge?

Is é an aidhm atá leis sin ná cuidiú leis an bpróiseas ath-implonaithe faoi stiúir na scoile do scoileanna a oibríonn trí mheán na Gaeilge. Sa chás go gceapfar Oifigeach Painéil chun ath-implonú múinteoirí ó phainéal a éascú, féadfaidh an tOifigeach Painéil a thabhairt faoi deara freisin más amhlaidh go bhfuil spéis ar leith curtha in iúl ag múinteoir i leith a (h)ath-implonaithe chuig scoil a oibríonn trí mheán na Gaeilge. Mar sin féin, tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara go bhfuil feidhm ag na socrúithe ath-implonaithe painéil atá leagtha amach sna Ceisteanna Coitianta eile sa doiciméad seo ar an mbealach céanna maidir le gach scoil, lena n-áirítear iad siúd a oibríonn trí mheán na Gaeilge. Go sonrach, tá gach múinteoir atá ar phainéal ath-implonaithe faoi réir na socrúithe ath-implonaithe má fhaigheann sé nó sí tairiscintí chun agallaimh/ceapacháin

ó scoileanna lán-Ghaeilge, cibé acu má chuir siad nó murar chuir siad tic sa bhosca sin leis an spéis sin a léiriú.

3.4 Cad a tharlaíonn má chuireann múinteoir tic leis an mbosca chun a chur in iúl go bhfuil nó nach bhfuil spéis ar leith aige/aici in ath-implonnú chuig scoil speisialta a fheidhmíonn faoi phátrúnacht a (h)oibreora painéil?

Is é cuspóir an bhosca áirithe sin cabhrú leis an bpróiseas ath-implonaithe faoi stiúir na scoile do scoileanna speisialta a oibríonn faoi phátrúnacht oibreoir painéil an iarratasóra (ní bhaineann sé seo le rang speisialta i ngnáthscoil). Sa chás go gceapfar Oifigeach Painéil chun ath-implonnú múinteoirí ó phainéal a éascú, féadfaidh an tOifigeach Painéil a thabhairt faoi deara freisin más amhlaidh go bhfuil spéis ar leith curtha in iúl ag múinteoir i leith a (h)ath-implonaithe chuig scoil speisialta. Mar sin féin, tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara go bhfuil feidhm ag na socruithe ath-implonaithe Príomhphainéil atá leagtha amach sna Ceisteanna Coitianta eile sa doiciméad seo ar an mbealach céanna maidir le gach scoil. Go sonrach, tá gach múinteoir atá ar phainéal ath-implonaithe faoi réir na socruithe ath-implonaithe má fhaigheann sé nó sí tairiscintí chun agallaimh/ceapacháin ó scoileanna speisialta atá faoi phátrúnacht oibreoir painéil an iarratasóra cibé acu má chuir siad nó murar siad tic sa bhosca sin leis an spéis sin a léiriú.

3.5 Cad a tharlaíonn nuair a chuireann múinteoir ar aghaidh a F(h)oirm Iarratais don Phríomhphainéal chuig an Roinn?

Baileoidh an Roinn liosta de mhúinteoirí atá i dteideal a n-ainmneacha a bheith curtha ar an bPríomhphainéal. Scaiptear an liosta seo ar na hOibreoirí Painéil cuí (rúnaí oideachais deoise srl.). Is leis an bPátrún a fhanann an cinneadh deiridh maidir le múinteoir a ligean ar phainéal.

Féadfaidh Pátrún cinneadh úsáid a bhaint as socruithe áitiúla nó as suíomh gréasáin na heagraíochta bainistíochta cuí chun eolas ar phainéil a chur in iúl do mhúinteoirí ar an bpainéal, do scoileanna le folúntais agus don Roinn.

Féadfaidh an Roinn an t-eolas seo a fhoilsiú agus a nuashonrú ar a suíomh gréasáin.

3.6 Conas a bheidh a fhios ag an mbuanmhúinteoir/múinteoir CID le cois is sóisearaí sa scoil go bhfuil sé/sí curtha ar an bPríomhphainéal Ath-implonaithe?

Gheobhaidh an múinteoir fógra ríomhphoist ó Rannóg Leithdháileadh Bunmhúinteoirí na Roinne faoi thoradh a (h)iarratais ar ath-implonnú.

Roinn 4 - Rochtain ar an bPríomhphainéal a iarchur

4.1 An féidir leis an mbuanmhúinteoir/múinteoir CID dul ar an bpríomhphainéal a iarchur/a chur ar athló?

Is ionann rochtain **ar an bpríomhphainéal ath-implonaithe** a iarchur agus d'ath-implonú a chur ar athló.

Níl sé de rogha aige/aici rochtain ar an bpainéal a iarchur mura bhfuil an Fhoirm Iarratais ar an bPríomhphainéal sínithe agus curtha isteach ag an múinteoir chuig an Roinn ar dtús agus go bhfuil sé/sí faofa le cur ar an bPríomhphainéal.

Ní féidir leat rochtain ar an bPríomhphainéal ath-implonaithe a iarchur ach amháin sna himthosca seo a leanas:

- a) Chun glacadh le post sealadach ina scoil féin. Ní mór an post sealadach a bheith i gcomhair scoilbhliain amháin ar a laghad, i.e. áit múinteora atá ar shos gairme nó atá ar iasacht a ghlacadh, áit bheirt mhúinteoirí a chuaigh isteach i socrú postroinnte a ghlacadh, etc.
- b) Chun dul ar shos gairme nó ar iasacht
- c) Chun leas a bhaint as socrú postroinnte

Is í an uastréimhse ar féidir le múinteoir rochtain ar an bpainéal a iarchur ar cheann ar bith de na cúiseanna thuasluaite ná cúig scoilbhliain.

4.2 An féidir le múinteoir rochtain ar príomhphainéil a iarchur ar chúiseanna leighis?

Ní féidir. Ní sé ceadaithe rochtain ar an bPríomhphainéal ar iarchur ar chúiseanna leighis.

4.3 Cén uair ar chóir do mhúinteoir an Roinn a chur ar an eolas go bhfuil rún aige/aici a rochtain ar an bpríomhphainéal a iarchur?

Má tá iarratas curtha isteach ag múinteoir don bPríomhphainéal Ath-implonaithe agus má tá rún aige/aici iarchur, ní mór dó/di an Roinn a chur ar an eolas a luaithe agus is féidir, agus ar aon chaoi roimh fhoilsithe na bpainéal go mall i mí Aibreán.

Ní mór don mhúinteoir an Fhoirm Nuashonraithe Painéil a líonadh agus a chur ar aghaidh chuig Rannóg Leithdháileadh Bunmhúinteoirí na Roinne. Ba chóir do na múinteoirí cruthúnas postála a choinneáil. Ní mór fógra a thabhairt do do Phátrún freisin nuair atá an Fhoirm Nuashonraithe Painéil á cur isteach.

4.4 Más rud é, mar bhuanmhúinteoir/múinteoir CID le cois, go n-iarchuirim mo rochtain phainéil ar an bPríomhphainéal chun post téarma seasta a ghlacadh ar feadh tréimhse scoilbhliana iomláine i mo scoil féin, le sos gairme a ghlacadh, le postroinnt, le leas a bhaint as socrú iasachta agus ina dhiaidh sin go dtagann post buan chun cinn i mo scoil, ar chóir an post seo a thairiscint domsa?

Ba chóir, déantar tú a athchur go huathoibríoch sa phost buan ar an gcoinníoll gur tusa an múinteoir is sinsearaí ó do scoil a bhfuil a rochtain iarchurtha aige/aici nó a bhfuil díolúine ón bPríomhphainéal aige/aici. Mura nglacann tú leis an bpost caillfidh tú do rochtain Phríomhphainéil. Ní mór duit an Fhoirm Nuashonraithe Painéil a líonadh, agus miosonraí an phoist a tairgeadh duit inti, agus a chur ar aghaidh chuig Rannóg Leithdháileadh Bunmhúinteoirí na Roinne.

4.5 Más mise an múinteoir atá le hathchur sa phost buan, an gá dom filleadh ar mo scoil?

Ní gá. Ní bheidh ort filleadh ar do scoil go dtí go bhfuil deireadh tagtha le do shaoire neamhláithreachta.

Roinn 5 - Díolúine ón bPríomhphainéal Ath-implonaithe

5.1 An bhfuil aon díolúintí ann ón bPríomhphainéal ath-implonaithe?

Tá, ar chúiseanna máithreachais/uchtaithe a chuirtear i bhfeidhm ar bhuanmhúinteoirí/múinteoirí CID le cois ar an bPríomhphainéal ath-implonaithe.

Is féidir leat a bheith díolmhaithe ón bpainéal ath-implonaithe i gcás máithreachais do thréimhse sé mhí roimh an mbreith agus chomh fada le deireadh do shaoire mháithreachais, le pá nó gan pá. Ní mór do dháta ionú measta a chur ar aghaidh le d'iarratas ar dhíolúine. I gcás uchtaithe is féidir leat a bheith díolmhaithe ón bpainéal ath-implonaithe chomh fada le deireadh na saoire uchtaithe.

Ní mór do mhúinteoirí ar lorg díolúine iarratas a dhéanamh **laistigh de chúig lá** ó do shocrúchán ar an bpainéal ath-implonaithe. Níl rogha ann díolúine a lorg ag dáta níos déanaí. Fanfaidh an múinteoir ar an bpainéal don tréimhse dhíolúine. Cuirfear in iúl do scoileanna faoin díolúine.

Fanfaidh an múinteoir ar an bpainéal don tréimhse dhíolúine. Ní féidir rang príomhshrutha a shannadh duit. Ní mór don mhúinteoir feidhmiú mar mhúinteoir ionaid do neamhláithreachtaí múinteoirí eile sa scoil. Ní focfaidh an Roinn costas múinteora ionaid i leith neamhláithreachta ar shaoire mháithreachais/uchtaithe.

Má thagann post buan chun cinn i scoil an mhúinteora le linn na tréimhse dhíolúine cuirtear ar ais go huathoibríoch an múinteoir díolmhaithe sa phost buan ar an gcoinníoll gur ise an buanmhúinteoir/múinteoir CID is sinsearaí le díolúine ón bpainéal.

Má thagann post buan chun cinn i scoil eile le linn tréimhse dhíolúine, féadfaidh an Bord Bainistíochta an post a thairiscint don mhúinteoir ach níl iallach air é sin a dhéanamh. Ar an gcaoi chéanna, níl iallach ar an mhúinteoir glacadh leis an tairiscint. Má dhiúltaíonn múinteoir tairiscint dá leithéid ní chaillfidh sé/sí a rochtain ar phainéal.

Cuirfidh an Roinn socruithe i bhfeidhm chun a chinntiú go mbaintear an leas is fearr agus is féidir as múinteoir i scoil le díolúine mháithreachais/uchtaithe chun costais tuarastail fhoriomlána na Roinne a íoslaghdú.

5.2 Conas a chuireann múinteoirí isteach ar dhíolúine?

Ní mór duit an Fhoirm Nuashonraithe Painéil a líonadh agus a chur ar aghaidh chuig Rannóg Leithdháileadh Bunmhúinteoirí na Roinne laistigh de chúig lá ó do shocrúchán ar an bpainéal ath-implonaithe. Moltar don mhúinteoir cruthúnas postála a choinneáil.

5.3 An féidir le múinteoir díolúine ón bPríomhphainéal Ath-implonaithe a éileamh ar bhonn saoire thuismitheoireachta?

Ní féidir.

Roinn 6 - Feidhmiú an Phríomhphainéal Ath-implonaithe

6.1 Folúntais i mBunscoileanna

6.1.1 Cad a dhéanann scoil má tá folúntas aici?

Nuair a fhoilsítear an sceideal foirne bliantúil ar shuíomh gréasáin na Roinne ní mór do Chathaoirleach an Bhoird Bhainistíochta fógra a thabhairt, le ríomhphost, don Oibreoir Painéil cuí (rúnaí oideachais deoise, srl.) maidir le haon folúntais a bheidh ann ag eascairt as feidhmiú an sceidil foirne don scoilbhliain atá ag teacht. **Ní mór é seo a dhéanamh faoin 21 Márta 2019.**

Ní mór folúntais bhuana uile, folúntais do chúiseanna sainithe, agus folúntais ar théarma seasta a bheidh ann ar feadh tréimhse na scoilbhliana iomláine nó a cheadaítear an chéad lá oibre i mí na Samhna nó roimhe sin agus ar don tréimhse den scoilbhliain atá fágtha iad, a fhógairt don Oibreoir Painéil.

Tá iallach ar an gCathaoirleach freisin fógra a thabhairt don Oibreoir Painéil cuí (rúnaí oideachais deoise, srl.) maidir le folúntais ar bith dá leithéid a thagann chun cinn ar bhealach ar bith eile, ar nós múinteora ag dul ar scor, múinteoirí ag athshuíomh srl. Ní mór é seo a dhéanamh laistigh de 5 lá oibre den uair a chuirtear an Cathaoirleach nó Príomhoide na Scoile ar an eolas faoi bhfolúntas. Beidh an Roinn ag déanamh monatóireacht ar chomhlíonadh an phróisis seo.

6.1.2 An gcaithfidh scoileanna folúntais bhuana uile, folúntais do chúiseanna sainithe, agus folúntais ar théarma seasta a bheidh ann ar feadh tréimhse na scoilbhliana iomláine nó a cheadaítear an chéad lá oibre i mí na Samhna nó roimhe sin agus ar don tréimhse den scoilbhliain atá fágtha iad, a fhógairt do na hOibreoirí Painéil?

Caithfidh. Ba chóir an folúntas seo a fhógairt don oibreoir painéil laistigh de 5 lá ón uair a fhaigheann Cathaoirleach BB/Príomhoide na Scoile eolas faoin bhfolúntas. Ní féidir an folúntas sin a líonadh sa chéad ásc ach amháin sa chás go bhfuil buanmhúinteoir ó do scoil ar an bpríomhphainéal ath-implonaithe ar mian leis nó léi a c(h)earta painéil a chur ar athló agus glacadh leis an bpost téarma seasta don scoilbhliain 2019/20. Mura bhfuil, ní mór é a chur ar fáil, má tá sé de dhíth, d'aon bhuanmhúinteoir/múinteoir CD eile ar an bpríomhphainéal ath-implonaithe.

6.1.3 An féidir le scoil a folúntas a líonadh a luaithe agus a gcuireann siad an Oibreoir Painéil (rúnaí oideachais deoise srl.) ar an eolas faoi?

Ní féidir. Ní mór don scoil fanacht go dtí go n-éisíonn na príomhphainéil agus go líonann siad an folúntas ón bPríomhphainéal ábhartha. Tá leithdháileadh na bpost

teagaisc ar scoileanna ag brath ar na socruithe ath-implonaithe atá i bhfeidhm a bheith á gcomhlíonadh acu.

Níl cead ag Boird Bhainistíochta tús a chur le próiseas earcaíochta chun buanfhóntas teagaisc nó folúntas teagaisc ar théarma seasta a líonadh ar aon bhealach eile go dtí go mbeidh an Roinn sásta nach bhfuil aon fholúntais ag teastáil chun aon bhuanmhúinteoirí/aon mhúinteoirí CID atá fágtha ar an bpríomhphainéal a ath-implonú.

Féach Ceist 6.2.4 faoin scéal a bhaineann leis an bpolasaí má tá folúntas buan i scoil le héifeacht ón 1 Meán Fómhair, 2018 agus tá múinteoir sa scoil ar bronnadh CID air/uirthi.

Beidh an t-am nuair is féidir folúntais teagaisc a líonadh ar aon bhealach eile ag brath ar cé chomh tapa agus a dhéantar buanmhúinteoirí/múinteoirí CID a ath-implonú i bhfolúntais. Foilseoidh an Roinn nuashonruithe rialta painéil ar an suíomh Gréasáin, rud a chuirfidh scoileanna agus múinteoirí ar an eolas faoin dul chun cinn atá á dhéanamh ar an bpróiseas ath-implonú buanmhúinteoirí/múinteoirí CID.

6.1.4 An féidir le scoil folúntas sainchuspóra/téarma seasta atá ar feadh scoilbhliain iomlán nó a ceadáidh ar an gcéad lá oibre de mhí na Samhna nó roimhe, agus a mhaireann ar feadh fuilleach na scoilbhliana, a líonadh a luaithe agus a bhíonn sé fógartha don Oibreoir Painéil agam?

Ní féidir. Níl cead agat d'fholúntas do chúiseanna sainithe/théarma seasta a líonadh go dtí go mbíonn an Roinn sásta nach bhfuil sé ag teastáil chun buanmhúinteoir nó múinteoir CID ar bith a ath-implonú. Tabharfaidh an Roinn fógra nuair a tharlaíonn sé seo ar a suíomh gréasáin mar chuid dá Nuashonraí Painéil rialta.

6.1.5 Cad é a tharlaíonn má tá folúntas ag scoil nach bhfuil rochtain ar phainéal ath-implonaithe aici?

Ní mór do scoileanna nach bhfuil rochtain acu ar phainéal ath-implonaithe, mar a leagtar amach ag 6.1.1 thuas, folúntais bhuna uile, folúntais do chúiseanna sainithe, agus folúntais ar théarma seasta a bheidh ann ar feadh tréimhse na scoilbhliana iomláine nó a cheadáitear an chéad lá oibre i mí na Samhna nó roimhe sin agus ar don tréimhse den scoilbhliain atá fágtha iad, a fhógairt don Rannóg Leithdháileadh Bunmhúinteoirí na Roinne. Ba chóir fógra a thabhairt don Roinn ina leith sin trí ríomhphost a chur chuig primaryallocations@education.gov.ie.

6.2 Cinéalacha Folúntas

6.2.1 Cén painéal a mbaineann scoileanna úsáid as chun a bhfolúntas a líonadh?

Ní mór folúntais atá á líonadh tríd an bpróiseas ath-implonaithe a thairiscint faoi mar atá leagtha amach sna táblaí thíos do bhuanmhúinteoirí/múinteoirí CID ar na Príomhphainéil.

Bunscoileanna

Cineál poist	An painéal is infheidhme
Poist do Mhúinteoirí Oideachais Speisialta nár líonadh iad trí bhuanmhúinteoirí/mhúinteoirí CID reatha sa scoil a imlonnú sa phost riachtanais speisialta oideachais	An Príomhphainéal Náisiúnta Speisialta*
Poist ranga speisialta nach bhfuil an Ghaeilge ina riachtanas iontu agus nár líonadh iad trí bhuanmhúinteoirí/mhúinteoirí CID reatha sa scoil a imlonnú sa phost ranga speisialta	An Príomhphainéal Náisiúnta Speisialta*
Poist ranga speisialta a bhfuil an Ghaeilge ina riachtanas iontu agus nár líonadh iad trí bhuanmhúinteoirí/mhúinteoirí CID reatha sa scoil a imlonnú sa phost ranga speisialta	An Príomhphainéal
Gach post eile seachas an post mar Phríomhoide	An Príomhphainéal

Scoileanna Speisialta ina bhfuil an Ghaeilge ina riachtanas iontu

Cineál poist	An painéal is infheidhme
Gach folúntas (seachas an post mar Phríomhoide)	An Príomhphainéal

Scoileanna Speisialta nach bhfuil an Ghaeilge ina riachtanas iontu

Cineál poist	An painéal is infheidhme
Gach folúntas (seachas an post mar Phríomhoide)	An Príomhphainéal Náisiúnta Speisialta*

*I gcás go bhfuil an Príomhphainéal Náisiúnta Speisialta folamh nó go ndiúltaítear don fholúntas ar bhonn faid, ba chóir duit é a líonadh ón bPríomhphainéal.

Is féidir leis na socrúithe atá ann cheana, inar féidir le scoileanna iarracht a dhéanamh post acmhainne nó post ranga speisialta a líonadh trí imlonnú

inmheánach, leanúint ar aghaidh mar is gnách. Mar sin féin, rachaidh an Roinn i dteagmháil leis an scoil ábhartha má tá na socrúithe seo atá ann cheana ag teacht salach ar chumas na Roinne na buanmhúinteoirí/múinteoirí CID le cois uile ón bPríomhphainéal Náisiúnta Speisialta a ath-implonú. I gás dá leithéid thabharfaí tús áite d'ath-implonú an bhuanmhúinteora le cois ón bPríomhphainéal Náisiúnta Speisialta. Dhéanfaí an próiseas seo i ndiaidh comhchomhairliúcháin agus bheadh sé ar bhonn téarma seasta don scoilbhliain ábhartha.

6.2.2 Conas ar chóir folúntais phoist mar Múinteoir Oideachais Speisialta agus poist ranga speisialta a líonadh?

Féadann scoileanna a bhfuil folúntais do mhúinteoir oideachais speisialta agus suímh ranga speisialta, iarracht a thabhairt sa chéad áit, na folúntais sin a líonadh ó na buanmhúinteoirí atá ann sa scoil cheana. Ba chóir an folúntais príomhshrutha a eascraíonn mar gheall ar sin a líonadh ón bPríomhphainéal ábhartha. Ba chóir an folúntas seo a fhógairt don Oibreoir Painéil.

Má tá an folúntas don mhúinteoir speisialta oideachais nó sa rang speisialta fós ann ina dhiaidh sin:

- Nuair atá Gaeilge ag teastáil, líontar an post ón bPríomhphainéal ábhartha
- Nuair nach bhfuil Gaeilge ag teastáil, líontar an post ón bPríomhphainéal Speisialta Náisiúnta

Tá ceanglas ar scoileanna a bhfuil folúntais post acmhainne agus/nó folúntais do ranganna speisialta, agus ar scoileanna speisialta a bhfuil folúntais acu is féidir a líonadh ón bPainéal Náisiúnta Speisialta, na folúntais sin a chur in iúl don Rannóg Leithdháileadh Bunmhúinteoirí. Ba chóir fógra a thabhairt don Roinn ina leith sin trí ríomhphost a chur chuig primaryallocations@education.gov.ie laistigh den tréimhse ama atá leagtha amach faoi Ceist 6.1.1 thuas.

Is féidir leis na socrúithe atá ann cheana, inar féidir le scoileanna iarracht a dhéanamh post acmhainne nó post ranga speisialta a líonadh trí implonú inmheánach, leanúint ar aghaidh mar is gnách. Mar sin féin, rachaidh an Roinn i dteagmháil leis an scoil ábhartha má tá na socrúithe seo atá ann cheana ag teacht salach ar chumas na Roinne na buanmhúinteoirí/múinteoirí CID le cois uile ón bPríomhphainéal Náisiúnta Speisialta a ath-implonú. I gás dá leithéid thabharfaí tús áite d'ath-implonú an bhuanmhúinteora le cois ón bPríomhphainéal Náisiúnta Speisialta. Dhéanfaí an próiseas seo i ndiaidh comhchomhairliúcháin agus bheadh sé ar bhonn téarma seasta don scoilbhliain ábhartha.

6.2.3 Más folúntas do Mhúinteoir Oideachais Speisialta roinnte atá i gceist, conas a líonann an scoil é?

Ba chóir don scoil an post a thairiscint don fhoireann sa scoil bhunáite ar dtús. Má roghnaíonn ball foirne a bheith ina m(h)úinteoir Acmhainne líontar an folúntas iarmhartach tríd an bPríomhphainéal ábhartha.

Mura mian le múinteoir ar bith sa scoil bhunáite glacadh leis an bpost M.O.S. ba chóir é a thairiscint do na múinteoirí ábhartha sna scoileanna sa chnuasach. Má roghnaíonn múinteoir ó cheann de na scoileanna sin é a thógáil, bogann sé/sí go dtí an scoil bhunáite agus beidh sé/sí ar an múinteoir is sóisearaí sa scoil. Líontar an folúntas a thagann chun cinn sa scoil ónar tháinig an múinteoir tríd an bPríomhphainéal. Más rud é nach roghnaíonn aon mhúinteoir sa scoil bhunáite nó sna scoileanna eile sa chnuasach an post M.O.S. a líonadh, líontar an post sa scoil bhunáite tríd an bPainéal Náisiúnta Speisialta.

6.2.4 Cad é an seasamh má tá folúntas buan i mo scoil le héifeacht ón 1ú Meán Fómhair 2019 agus tá múinteoir i mo scoil ar dámhadh Conradh ar Tréimhse Éiginnte air/uirthi don scoilbhliain 2019/20 nó tá múinteoir i mo scoil a bhfuil Conradh ar Tréimhse Éiginnte ina sheilbh aige/ina seilbh aici agus é/í i bpost sealadach sa scoil?

I dtosca dá leithéid, caithfidh an múinteoir ar bronnadh CID air an folúntas buan a thagann chun cinn i scoil idir 1 Meán Fómhair 2019 agus 4 Samhain 2019 a líonadh tar éis fógra a chur chuig an Oibreoir Painéil faoin bhfolúntas buan laistigh de na hamlínte riachtanacha a leagtar amach i gCiorclán 00XX/2019.

Má tá folúntas sealadach sa scoil ina dhiaidh sin, tá an folúntas sin faoi réir na socrúithe athlonnaithe agus ní fhéadfar é a líonadh go dtí go mbeidh an Roinn in iúl do scoileanna nach bhfuil gá le múinteoir ar an bPríomh-Phainéal.

6.2.5 Conas a líonann Bord Bainistíochta post a rinneadh á fhaomhadh ar bhonn sealadach, ag brath ar rolluithe i Méan Fómhair 2018 a chinntiú?

Im-lonnfar poist ar leith ar scoileanna ar bhonn sealadach, agus ní dhéanfar iad a chinntiú don scoilbhliain 2019/20 go dtí go gcinnteoidh an scoil go bhfuil an rollú réamh-mheasta don 30 Meán Fómhair 2019 bainte amach acu. Is iad na poist sin:

- post buan i scoil i mbéal forbartha
- post buan a formheasadh faoin gcritéar achomhairc um sholáthar foirne do scoileanna beaga
- post buan a formheasadh faoin gcritéar achomhairc um sholáthar foirne chun maolú a dhéanamh ar roinnt den bhrú ar mhéideanna ranga ag leibhéal náionán do bhunscoileanna a chuireann go mór leis trí fhás déimeagrafach a ionsú
- post sealadach a formheasadh faoin gcritéar achomhairc um sholáthar foirne do thacaíocht EAL

Ní féidir na poist buan thuasluaite a líonadh ar bhonn buan ón 1 Meán Fómhair 2019 ach amháin sa chás go líonann buanmhúinteoir/múinteoir CID sa scoil atá i ndán ath-lonnaithe tríd an bPríomhphainéal ach atá á choinneáil i gceann de na

poist thuas. Is féidir go roghnóidh buanmhúinteoir le cois sa scoil a c(h)earta painéil a iarchur le post sealadach EAL a leithdháileadh ar an scoil ag an mBord Achomharc um Soláthar Foirne i mBunscoileanna a ghlacadh. Sa chás nach mbaintear mach an rollú a mbeidh gá, eis, cuirfear an múinteoir ar ais ar an bPríomhphainéal.

Seachas sin ní bheidh cead ag scoileanna a thugtar faomhadh sealadach dóibh do ceann amháin de na poist mhúinteoireachta thuas na poist seo a líonadh ach amháin ar bhonn sealadach suas go dtí an 25 Deireadh Fómhair 2019.

Tabharfaidh an Roinn eolas don scoil/do na scoileanna lena mbaineann a luaithe is féidir i mí Dheireadh Fómhair faoi cé acu atá nó nach bhfuil an folúntas sin ag teastáil chun ath-implonú buanmhúinteora/múinteora CID le cois a éascú. Má tá an post ag teastáil le haghaidh buanmhúinteoir/múinteoir CID le cois a ath-implonú, ní mór scor den chonradh téarma sheasta an 25 Deireadh Fómhair 2019. Tá sé tábhachtach go léirítear na socrúithe sin sa chonradh le haghaidh an phoist ar théarma seasta.

Mura bhfuil an post ag teastáil le haghaidh buanmhúinteoir le cois a ath-implonú, féadfar é a líonadh ag an bpointe sin mar seo a leanas:

- Nuair a fhanann múinteoirí ar an bPainéal Forlíontach laistigh de limistéar painéil na scoile, ní mór don scoil an folúntas a líonadh ón bPainéal Forlíontach faoi gcéad lá oibre Samhain.
- Nuair atá an Painéal Forlíontach laistigh de limistéar painéil na scoile folamh, tabharfar cead don scoil leanstan ar aghaidh chuig fógraíocht oscailte.
- Is é an dáta deiridh le buanphost a líonadh ar bhonn buan ná an Luan 4 Samhain 2019. Ina dhiaidh sin ní féidir post buan a líonadh ach ar bhonn téarma seasta amháin, ach amháin más buanmhúinteoir/múinteoir CID ón bPríomhphainéal an té a cheaptar.

Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara nach féidir le scoileanna tús a chur leis an bpróiseas fógraíochta agus earcaíochta do na folúntais sin go dtí go mbeidh sé ceadaithe ag an Roinn sin a dhéanamh.

Ní bhaineann na socrúithe sin le poist mar Phríomhoide, a leanfar á líonadh ar an ngnáthbhealach ar bhonn buan.

6.2.6 Conas a líonann scoileanna speisialta a bhfolúntais?

- Is ón bPríomhphainéal nach mór folúntais i scoileanna speisialta a bhfuil an Ghaeilge ina riachtanas iontu a líonadh. Ba chóir do scoileanna den sórt sin fógra a thabhairt don Oibreoir Príomhphainéil ábhartha.

- Is ón bPríomhphainéal Náisiúnta Speisialta nach mór folúntais i scoileanna speisialta nach bhfuil an Ghaeilge ina riachtanas iontu a líonadh. Ba chóir do scoileanna den sórt sin fógra a thabhairt don Oibreoir Painéil ábhartha agus do Rannóg Leithdháileadh Bunmhúinteoirí na Roinne faoi na folúntais sin. Ba chóir fógra a thabhairt don Roinn inaleith sin trí ríomhphost a chur chuig primaryallocations@education.gov.ie laistigh den tréimhse ama atá leagtha amach faoi 6.1.1 thuas.

6.3 Poist a líonadh ag an bPríomhphainéal Ath-implonaithe

6.3.1 Cad é an t-amlíne maidir le Feidhmiú an Phríomhphainéal Ath-implonaithe?

Níor chóir aon mhoill nach gá a bheith ann maidir le Boird Bhainistíochta ag cur tús leis an bpróiseas le tairiscintí folúntas a dhéanamh do mhúinteoirí a luaithe agus a fhaigheann siad liosta na múinteoirí ar an bPríomhphainéal.

Maireann an fráma ama don phróiseas atá á stiúradh ag an scoil le hath-implonú ar bhuanmhúinteoirí agus múinteoirí CID le cois go dtí lár mhí na Bealtaine.

Ní mór folúntais mhúinteoireachta a thairiscint roimh lár mhí na Aibreán do bhuanmhúinteoirí/múinteoirí CID ar Phríomhphainéal san ord tosaíochta seo a leanas:

- a) Buanfholúntais laistigh de limistéar an phainéil (e.g. deoise)
- b) Folúntais sainchuspóra agus folúntais ar théarma seasta laistigh de limistéar an phainéil (e.g. deoise) a mhaireann tréimhse na scoilbhliana iomláine nó a cheadaítear an chéad lá oibre de mhí na Samhna nó roimhe sin agus ar don tréimhse den scoilbhliain atá fágtha iad.

Ceapfar Oifigigh Painéil ag deireadh mí na Bealtaine.

Féadfaidh buanmhúinteoirí/múinteoirí CID le cois roghnú post a ghlacadh lasmuigh den gha 45km laistigh dá limistéar painéil deoise faoi láthair.

Is é **an chéad lá oibre de mhí na Samhna (i.e. an 4 Samhain 2019)** an dáta deiridh chun múinteoir a cheapadh chuig post buan ar bhonn buan. Ina dhiaidh sin ní féidir post buan a líonadh ach ar bhonn téarma seasta amháin, ach amháin más buanmhúinteoir/múinteoir CID an té a cheaptar trí na socruithe ath-implonaithe.

Ní bhaineann na socruithe seo le poist Phríomhoide a leanfar á líonadh ar an ngnáthbhealach ar bhonn buan, i.e., trí na nósanna imeachta earcaíochta foirmiúla a leagtar amach in Aguisín D de Chomhdhéanamh agus Rialacha Imeachta na mBord Bainistíochta.

6.3.2 Cad iad na roghanna atá ag scoileanna chun plé le múinteoirí ar an bpríomhphainéal ath-implonaithe?

Tá trí rogha ag Bord Bainistíochta chun an folúntas buan a líonadh:

1. Féadfaidh an Bord Bainistíochta múinteoir a roghnú ón bPríomhphainéal, gan próiseas agallaimh.
2. Sa chás go mbeidh níos mó ná aon mhúinteoir amháin ar an bPríomhphainéal, féadfaidh Bord Bainistíochta na scoile ina bhfuil an folúntas iarratas a sheoladh ar ríomhphost ina dtabharfar cuireadh do gach múinteoir ar an bPríomhphainéal chuig agallamh. Ní mór do mhúinteoir freagairt do chuireadh chun agallaimh laistigh de thrí lá féilire. Éilítear ar an scoil an post a líonadh ón gcóhort múinteoirí a ghlaoitear chuig agallamh.
3. Tá rogha ag scoileanna anois suíomh gréasáin a úsáid, (educationposts.ie nó staffroom.ie) chun teagmháil a dhéanamh leis an bPríomhphainéal Ath-implonaithe don scoilbhliain 2019/20.

Féadfar é sin a dhéanamh tríd an scoil a bheith ag úsáid an tsuímh idirlín mar shlí chun cuireadh a thabhairt do mhúinteoirí ar an bPríomhphainéal cuí suim a léiriú i bpost buan a bheidh le líonadh ón bPríomhphainéal. Ní féidir le múinteoirí ach freagairt do léirithe spéise ó laistigh dá limistéar painéil ábhartha féin.

Seo a leanas na príomhriachtanais atá i gceist:

- Ní mór do mhúinteoirí tréimhse 5 lá féilire a fháil chun suim a léiriú sa phost.
- Caithfidh scoil múinteoir a roghnú ó chóhort na múinteoirí a léirigh spéis sa phost. Tá an rogha ag an scoil, áfach, an líosta múinteoirí a léiríonn suim sa phost a fhorlíonadh le múinteoir(i) eile atá fós ar an bPríomhphainéal (agus nár thug freagra ag léiriú suime sa phost). Féadfar an post a líonadh ar an tslí sin le próiseas agallaimh nó gan próiseas agallaimh.
- Mura léiríonn aon mhúinteoir ar an bPríomhphainéal cuí suim sa phost, éilítear ar an scoil síneadh a chur leis an tréimhse ama chun léiriú suime a fháil le 2 lá féilire breise.
- Má tharlaíonn sé ag an gcéim sin nach mbeidh aon mhúinteoir go fóill tar éis suim a léiriú sa phost beidh ar an scoil an tOibreoir Painéil a chur ar an eolas.
- Fanfaidh múinteoir ar an bPríomhphainéal nár léirigh suim sa phost ar bPríomhphainéal. Fanfaidh múinteoir a léiríonn suim ach nár éirigh leo an post a fháil ar an bPríomhphainéal. Fanfaidh múinteoir a fuair agallamh ón bPríomhphainéal ach nár éirigh leo an post a fháil ar an bPríomhphainéal.
- Is amhlaidh an cás i gcónaí áfach nach mór gach múinteoir ar an bPríomhphainéal a athimlonnú sula dtabharfar cead na folúntais a bheidh fágtha a líonadh in aon slí eile nó chun folúntais mhúinteoireachta ar théarma seasta a líonadh.

Féach thíos an téacs atá le bheith san áireamh in:

- aon fhógra a chuireann scoil a bhfuil folúntas buan mhúinteoireachta aici ar educationposts.ie nó staffroom.ie ag lorg léirithe spéise ó mhúinteoirí ar an bPríomhphainéal Ath-implonaithe ábhartha

agus

- in aon fhógra leantach ón scoil ag cur síneadh dhá lá féilire le fráma ama an fhógra tosaigh ag lorg léirithe spéise ó mhúinteoirí ar an bPríomhphainéal ábhartha.

Focláíocht an teimpléid le húsáid ag scoileanna nuair a bhíonn léiriú spéise á lorg ó mhúinteoirí ar an bPríomhphainéal

An fhocláíocht atá le cur san áireamh sa chéad fhógra:

Is mian leis an mBord Bainistíochta léirithe spéise a lorg i bhfolúntas buan, le dualgais i dtús báire i _____ (*cuir isteach na dualgais*) ó mhúinteoirí atá liostaithe ar an bPríomhphainéal do Dheoise _____ (*cuir isteach ainm an phainéil*) / An Foras Pátrúnachta _____ (*cuir isteach an contae*) (scrios de réir mar is cuí) / ag Foghlaim le Chéile _____ (*cuir isteach an contae*) (*scrios de réir mar is cuí*).

Ba chóir léiriú spéise a chur ar aghaidh chuig Cathaoirleach an Bhoird Bhainistíochta ag an seoladh seo a leanas _____ (*cuir isteach an seoladh*) faoin ____ lá de _____, 2019 (*cuir isteach an dáta deiridh*), ar 5 lá féilire é ó dháta an fhógra seo.

Mura dtugann aon mhúinteoir(i) freagra ar an gcéad fhógra, is í an fhocláíocht atá le cur san áireamh sa dara fógra ná:

Tugann an Bord Bainistíochta fógra leis seo, i ndiaidh dó an folúntas buan seo a fhógairt don chéad uair ar a shuíomh gréasáin ar an ____ lá de _____, 2019 (*cuir isteach dáta an chéad fhógra*), go bhfuil sé ag cur síneadh dhá lá féilire leis an tréimhse ama ar féidir léiriú suime a chur isteach laistigh de ó mhúinteoir ar an bPríomhphainéal do Dheoise _____ (*cuir isteach ainm an phainéil*) / An Foras Pátrúnachta _____ (*cuir isteach an contae*) / ag Foghlaim le Chéile _____ (*cuir isteach an contae*) (*scrios de réir mar is cuí*).

Ba chóir léiriú spéise a chur ar aghaidh chuig Cathaoirleach an Bhoird Bhainistíochta ag an seoladh seo a leanas _____ (*cuir isteach an seoladh*) faoin ____ lá de _____, 2019 (*cuir isteach an dáta deiridh*), ar dhá lá féilire é ó dháta an fhógra seo.

6.3.3 An féidir le scoil post a líonadh trí chomórtas oscailte mura bhfaigheann an scoil aon léirithe suime ó mhúinteoirí ar an bPríomhphainéal?

Ní féidir. Is amhlaidh an cás i gcónaí áfach nach mór gach múinteoir ar an bpríomhphainéal a athimlonnú sula dtabharfar cead na folúntais a bheidh fágtha a líonadh in aon slí eile nó chun folúntais mhúinteoireachta ar théarma seasta a líonadh. Mura bhfaigheann an scoil aon léirithe suime ó mhúinteoirí ar an bPríomhphainéal, ba chóir don scoil teagmháil a dhéanamh lena Oibreoir Painéil agus sin a chur in iúl dó.

6.3.4 Conas a choinneoidh scoileanna cothrom le dáta maidir le cé acu an bhfuil nó nach bhfuil an painéal fós i bhfeidhm?

Ba chóir do scoileanna teagmháil rialta a choinneáil lena n-Oibreoir Painéil. Foilseoidh an Roinn nuashonruithe rialta painéil ar a láithreán gréasáin, rud a chuirfidh scoileanna agus múinteoirí ar an eolas faoin dul chun cinn atá á dhéanamh ar an bpróiseas athimlonnaithe buanmhúinteoirí/múinteoirí CID.

6.3.5 Más rud é, mar bhuanmhúinteoir/múinteoir CID le cois, go bhfuil múinteoir ath- imlonnaithe chuig folúntas i scoil eile agus ina dhiaidh sin go dtagann post buan chun cinn ina s(h)ean scoil roimh an gcéad lá den scoilbhliain nua nó ar an lá sin, ar chóir an post sin a thairiscint don mhúinteoir?

Más rud é gur ath-implonnaíodh an múinteoir chuig post sealadach i scoil eile, ansin cuirtear ar ais é/í go huathoibríoch chuig an bpost buan ina s(h)eanscoil.

Más rud é gur ath-implonnaíodh é/í chuig post buan i scoil eile, is faoin dá Bhord Bainistíochta (da (h)iar-Bhord Bainistíochta agus a B(h)ord Bainistíochta nua) teacht ar chomhaontú maidir le cén post a ghlacfaidh an múinteoir.

6.3.6 Más rud é, mar bhuanmhúinteoir/múinteoir CID le cois, go bhfuil múinteoir ath- imlonnaithe go héigeantach chuig folúntas i scoil eile agus ina dhiaidh sin go dtagann post buan chun cinn ina s(h)ean scoil roimh an gcéad lá den scoilbhliain nua nó ar an lá sin, ar chóir an post sin a thairiscint don mhúinteoir?

Coimeádann an Roinn an ceart aici féin an múinteoir a ath-implonnú sa phost buan.

6.3.7 Cad a tharlaíonn mura bhfuil folúntas ann laistigh de limistéar painéil mhúinteoir inar féidir é/í a ath-implonnú?

Déanfar socruithe i gcomhairle leis na hOibreoirí Painéil ábhartha d'ath-implonnú an mhúinteora ar bhonn téarma seasta don scoilbhliain le baint amach trí chomhoibriú idir-deoisí (Oibreoir Painéil).

I gcásanna nuair a rinneadh múinteoir a ath-implonnú chuig folúntas sealadach i scoil in aice láimhe, agus go dtagann post buan ar fáil laistigh de limistéar painéil an mhúinteora, coimeádann an Roinn an ceart aici féin an múinteoir a ath-implonnú sa phost buan.

Más rud é nach bhfuil an t-ath-implonú indéanta trí chomhoibriú idir-deoisí, ar an gcéad dul síos scrúdófar an staid, féachaint an féidir solúbthacht ar bith i gComhaontú Bhóthar Haddington 2014-2016 maidir leis an nga 45km d'ath-implonú a chur i bhfeidhm go cuí chun ath-implonú a bhaint amach chuig scoil den chineál céanna pátrúnachta.

Ar an dara dul síos scrúdófar an scóip le hath-implonú a bhaint amach ar bhonn roghnach trí iarratas á dhéanamh ag an múinteoir le bheith curtha ar phainéal de chineál éagsúil pátrúnachta. Fágfar faoin bpátrún ábhartha cead a thabhairt don iarratas seo.

Mura bhfuil aon rogha inmharthana eile ar fáil ansin déanfar sannadh sealadach chuig folúntas i scoil de chineál éagsúil pátrúnachta. Mairfidh an sannadh sealadach seo ar feadh na scoilbhliana ábhartha. Coinneoidh an múinteoir an rochtain painéil atá aige/aici cheana don phainéal ath-implonnaithe ábhartha dá scoil bhunaidh. Ní bhfaighidh an múinteoir rochtain painéil i leith an phainéil ath-implonnaithe a bhaineann leis an scoil ina bhfuil an sannadh sealadach. Beidh air/uirthi cloí le riachtanais an Bhoird Bhainistíochta maidir lena dhualgas éiteas na scoile a choinneáil, faoi réir an dlí.

6.3.8 Cad a tharlaíonn má tá na buanmhúinteoirí/múinteoirí CID le cois uile ar an bPríomhphainéal do limistéar ath-implonnaithe agus fágfar scoil le folúntas nár líonadh?

Níl cead ag an scoil a folúntas a líonadh ar bhealach ar bith eile go dtí go mbíonn an Roinn sásta nach bhfuil sé ag teastáil d'aon bhuanmhúinteoir/múinteoir CID le cois ar bith eile atá ag feitheamh ar ath-implonú lena n-áirítear, mar is cuí, buanmhúinteoirí/múinteoirí CID le cois ó limistéir phainéil eile. Foilseoidh an Roinn nuashonraí rialta ar a suíomh gréasáin a chuirfidh scoileanna ar an eolas faoin dul chun cinn atá á dhéanamh ar ath-implonú buanmhúinteoirí agus múinteoirí CID.

Ní mór don scoil fanacht go dtí go dtugann na nuashonruithe seo le fios go bhfuil na painéil uile glanta agus go dtugtar cead folúntais a líonadh ar bhealach eile.

6.3.9 Cad a tharlaíonn más rud é go nglacann múinteoir le post ar an bPríomhphainéal Ath-implonnaithe ina scoil féin atá ceadaithe ar bhonn sealadach (i.e. poist atá ceadaithe ar fhorais forbartha, poist atá ceadaithe bunaithe ar chritéir do scoileanna beaga nó poist i rang naíonán mór) agus go gcuirtear deireadh leis an bpost ina dhiaidh sin toisc nár baineadh an rollú réamh-mheasta riachtanach amach?

Fillfidh an múinteoir ar an bPríomhphainéal le haghaidh ath-implonnaithe i mbuanfholúntas eile.

Mura bhfuil aon bhuanfholúntais ar fáil i limistéar painéil an mhúinteora, ath-implonófar é/í i bpost ar théarma seasta don chuid eile den scoilbhliain. Cuirfear an

múinteoir ar ais ar an bPríomhphainéal Ath-implonaithe don scoilbhliain ina dhiaidh sin.

6.3.10 Cad a tharlaíonn do mhúinteoir ón bPainéal Ath-implonaithe Forlíontach atá i bpost a coinníodh ar oscailt más rud é go bhfuil an post de dhíth i nDeireadh Fómhair 2019 chun buanmhúinteoir le cois a ath-implonú nó más rud é go dtarraingítear siar an ceadú don phost toisc nár sroicheadh líon riachtanach rolluithe?

Luafar dáta críochnaithe leis an gceapachán agus cuirfear an múinteoir ar ais ar an bPainéal Ath-implonaithe Forlíontach.

Tabhair faoi deara - Múinteoirí ón bPainéal Ath-implonaithe Forlíontach, ní cóir iad a cheapadh in aon phost arna fhaomhadh go sealadach, ach amháin go gearrthéarmach don tréimhse 2 mhí idir an 1 Meán Fómhair agus an 25 Deireadh Fómhair

6.4 Poist a Thairiscint agus a Ghlacadh

6.4.1 An bhfuil an ceart ag Bord Bainistíochta agallamh a chur ar mhúinteoir nuair atá sé/sí ar an bpainéal ath-implonaithe?

A luaithe agus atá níos mó ná aon mhúinteoir ar an phainéal, tá an ceart ag Bord Bainistíochta agallamh a chur ar mhúinteoir. Má theipeann ar mhúinteoir freagra a thabhairt ar chuireadh chuig agus/nó freastal ar agallamh, caillfidh sé/sí a rochtain painéil agus bainfear é/í den phainéal. Coimeádann an Roinn an ceart aici féin comhlíonadh mhúinteora leis an bpainéal, agus gníomhú, más gá sin.

6.4.2 Nuair atá cinneadh déanta ag scoil cé dó/di a dtairgfídh sí a folúntas, an gcaithfidh sí tairiscint fhoirmiúil ar an bhfolúntas a dhéanamh don mhúinteoir ar an bpainéal?

Sea, caithfidh sí an folúntas a thairiscint go foirmiúil don mhúinteoir ar an bpainéal trí “litir thairisceana” a eisiúint le ríomhphost agus freagra an mhúinteora a lorg laistigh de thrí lá féilire ó dháta an ríomhphoist. Ba chóir don Bhord Bainistíochta cruthúnas seolta a choinneáil. Ba chóir go ndéarfadh an “litir thairisceana” go bhfuil an tairiscint ar choinníoll agus faoi réir, i measc nithe eile, deimhniú cáilíochtaí, clárúchán leanúnach leis an gComhairle Mhúinteoireachta, riachtanais an Gharda Síochána i leith grinnfhiosrúcháin a chomhlíonadh agus scagadh leighis réamhfhostaíochta. Moltar do Bhoird seiceáil lena nEagraíochtaí Bainistíochta ina leith seo.

6.4.3 An gcaithfear a bheith in ann teagmháil a dhéanamh le múinteoirí le linn na tréimhse ina bhfuil na painéil i bhfeidhm?

Caithfear, ní mór a bheith in ann teagmháil a dhéanamh le múinteoirí ar an bpainéal i gcónaí ag na seoltaí poist/ríomhphoist agus/nó uimhreacha gutháin a thugtar ar an bFoirm Iarratais don Phríomhphainéal. Tá sé ríthábhachtach a bheith in ann teagmháil a dhéanamh le múinteoirí i gcónaí. Ba chóir do mhúinteoirí a ríomhphoist a sheiceáil go rialta.

Má athraíonn múinteoir a s(h)eoladh ríomhphoist, uimhir ghutháin nó aon sonraí teagmhála, ní mór dó/di an t-athrú seo a fhógairt do Rannóg Leithdháileadh Bunmhúinteoirí na Roinne (ríomhphost: primaryallocations@education.gov.ie) agus don Oibreoir Painéil (rúnaí oideachais deoise srl.) láithreach.

Ní mór do mhúinteoirí freagra a thabhairt don Bhord Bainistíochta laistigh de 3 lá féilire ón uair a fhaigheann siad tairiscint ríomhphoist ar phost, ag tabhairt le fios go nglacann siad leis na coinníollacha mar a leagtar amach iad sa litir thairisceana. Moltar do mhúinteoirí taifead dá bhfreagraí ríomhphoist a choinneáil.

Má theipeann ar mhúinteoir freagairt ar thairiscint ar phost le ríomhphost laistigh de 3 lá féilire, caillfidh sé/sí a rochtain ar an bpainéal agus bainfear é/í den phainéal. Coimeádann an Roinn an ceart aici féin comhlíonadh mhúinteora leis an bpainéal, agus gníomhú, más gá sin.

Ba chóir don scoil fógra a thabhairt do d'Oibreoir Painéil (rúnaí oideachais deoise srl.) agus do Rannóg Leithdháileadh Bunmhúinteoirí na Roinne le ríomhphost (primaryallocations@education.gov.ie) gur theip ar an múinteoir freagra a thabhairt ar do thairiscint. Ba chóir an ríomhphost seo a chóipeáil chuig an múinteoir lena mbaineann.

6.4.4 An gcaithfidh múinteoirí freagra a thabhairt le ríomhphost ar gach tairiscint a dhéantar dóibh, fiú má tá sé lasmuigh den fhad?

Caithfidh, ní mór do mhúinteoirí freagra a thabhairt ar gach tairiscint ar phost laistigh de thrí lá féilire ón tairiscint a fháil.

6.4.5 An gcaithfidh múinteoir glacadh leis an gcéad phost a thairgfear dó/di?

Caithfidh, ní mór do mhúinteoir glacadh leis an gcéad phost a thairgfear ddó/di ag scoil ar bith laistigh de limistéar Oibreoir Painéil an mhúinteora más rud é go bhfuil sé laistigh d'fhad 45km ó iar-scoil an mhúinteora, ach amháin má fhaigheann sé/sí, agus má ghlacann sé/sí le tairiscint ar phost eile laistigh den tréimhse trí lá ó fuair sé/sí a c(h)éad tairiscint. Áiríonn sé seo poist i nGaelscoileanna, Scoileanna Gaeltachta, Scoileanna Speisialta agus Ranganna Speisialta a thagann laistigh de limistéar painéil an mhúinteora.

Má theipeann ar mhúinteoir glacadh le tairiscint ar phost ó scoil ar bith laistigh den fhad 45km ciallaíonn sé sin go gcaillfidh sé/sí a rochtain ar phainéal agus bainfear é/í den phainéal. Críochnóidh íocaíocht tuarastail ó dheireadh na scoilbhliana nó láithreach má tá an scoilbhliain nua tosaithe, ach amháin má aimsíonn an múinteoir post eile trí chomórtas oscailte.

6.4.6 Cad a tharlaíonn nuair a ghlacann múinteoir ar an bPríomhphainéal le tairiscint ar phost i scoil?

A luaithe agus a bhíonn deimhniú scríofa faighte le ríomhphost go bhfuil glactha leis na téarmaí agus coinníollacha atá leagtha amach sa litir thairisceana, ní mór don Bhord Bainistíochta fógra a thabhairt do don Oibreoir Painéil (rúnaí oideachais deoise srl.) laistigh den tréimhse 24 uair dár gcionn. Is féidir an fógra seo ó Chathaoirleach an Bhoird Bhainistíochta chuig an Oibreoir Painéil (rúnaí oideachais deoise srl.) a dhéanamh ó bhéal ach ní mór é a dheimhniú freisin, gan aon mhoill, le ríomhphost.

Ní mór don scoil a shocrú go ndéanfar an Fhoirm Nuashonraithe Painéil a líonadh agus a chur ar aghaidh chuig Rannóg Leithdháileadh Bunmhúinteoirí na Roinne. Ní mór an fhoirm a bheith sínithe ag an múinteoir agus ag Cathaoirleach na scoile.

Ní mór don scoil freisin an Fhoirm Cheapacháin d'Oidí Bunscoile a líonadh agus a chur chuig an Rannóg Párolla Bunmhúinteoirí.

Roinn 7 - Eolas d'Oibreoirí Painéil

7.1 Cén uair is féidir le Oibreoirí Painéil a bheith ag súil leis na Príomhphainéil ath-implonaithe a fháil?

Tá faoin Roinn na painéil ath-implonaithe a fhoilsiú faoi dheireadh mhí Aibreáin 2019. Nuair atá an Príomhphainéal tiomsaithe i Rannóg Leithdháileadh Bunmhúinteoirí na Roinne seolfar é le ríomhphost chuig gach ceann de na hOibreoirí Painéil (rúnaithe oideachais deoise srl.).

7.2 Conas a fhaigheann Oibreoirí Painéil fógra faoi fholúntais sna bunscoileanna laistigh dá limistéar painéil (deoise, srl.)?

Nuair a fhoilsítear an sceideal foirne bliantúil ar shuíomh gréasáin na Roinne ní mór do Chathaoirleach an Bhoird Bhainistíochta fógra a thabhairt, le ríomhphost, don Oibreoir Painéil cuí (rúnaí oideachais deoise, srl.) maidir le haon folúntais a bheidh ann ag eascairt as feidhmiú an sceidil foirne don scoilbhliain atá ag teacht. Ní mór é seo a dhéanamh faoin 21 Márta 2019.

Ní mór folúntais bhuana uile, folúntais do chúiseanna sainithe, agus folúntais ar théarma seasta a bheidh ann ar feadh tréimhse na scoilbhliana iomláine nó a cheadaítear an chéad lá oibre i mí na Samhna nó roimhe sin agus ar don tréimhse den scoilbhliain atá fágtha iad, a fhógairt don Oibreoir Painéil.

Tá iallach ar an gCathaoirleach freisin fógra a thabhairt don Oibreoir Painéil cuí (rúnaí oideachais deoise, srl.) maidir le folúntais ar bith dá leithéid a thagann chun cinn ar bhealach ar bith eile, ar nós múinteora ag dul ar scor, múinteoirí ag athshuíomh srl. Ní mór é seo a dhéanamh laistigh de 5 lá oibre den uair a chuirtear an Cathaoirleach nó Príomhoide na Scoile ar an eolas faoi bhfolúntas. Má theipeann ar scoil fógra a thabhairt faoin bhfolúntas, d'fhéadfadh sé seo cur isteach ar stádas an phoist d'fhuilleach na scoilbhliana.

7.3 Cad is cóir d'Oibreoir painéil a dhéanamh nuair a fhógraíonn scoileanna folúntais dó/di?

Ba chóir ddon Oibreoir Painéil liosta a thiomsú de na folúntais uile atá ar eolas, folúntais bhuana, folúntais ar chúiseanna sannaithe agus folúntais téarma seasta laistigh den limistéar painéil (m.sh. deoise) ar feadh tréimhse na scoilbhliana iomláine nó a cheadaítear an chéad lá oibre i Samhain nó roimhe sin agus ar don tréimhse den scoilbhliain atá fágtha iad. Ba chóir an liosta seo a scaipeadh ansin le liosta na múinteoirí ar an bpainéal chuig na scoileanna ar fad ina bhfuil folúntais a bhfuil eolas fúthu.

Féadfaidh Pátrún úsáid a bhaint as socruithe áitiúla nó as suíomh gréasáin na heagraíochta bainistíochta cuí, áfach, chun eolas ar phainéil a chur ar fáil.

Féadfaidh an Roinn an t-eolas seo a fhoilsiú agus a nuashonrú ar a suíomh gréasáin.

7.4 An gcaithfidh an Oibreoir Painéil liosta a scaipeadh gach uair a thugtar fógra dó/di faoi fholúntas?

Ní gá ach an liosta a ath-scaipeadh chuig an scoil is déanaí a thug fógra faoi fholúntas.

Nuair atá an painéal ag feidhmiú, ní féidir le scoil le folúntas (folúntais bhuana, do chúiseanna sonraithe agus téarma seasta laistigh den limistéar painéil (m.sh. deoise) ar feadh tréimhse na scoilbhliana iomláine nó a cheadaítear an chéad lá oibre i Samhain nó roimhe sin agus ar don tréimhse den scoilbhliain atá fágtha iad) múinteoir a earcú ar bhealach ar bith eile ach amháin tríd an bhfolúntas a thairiscint do mhúinteoir ar an bpainéal ath-implonaithe.

7.5 An bhfuil teorainn ama ann ina gcaithfidh scoileanna a bpoist fholmha a thairiscint do mhúinteoirí ar an bPríomhphainéal Ath-implonaithe laistigh de?

Is é an fráma ama don phróiseas idirghníomhaíochta idir scoileanna aonair le folúntais agus múinteoirí ar an bpainéal ná an tréimhse ón dáta ar a mbíonn liosta an phainéil ar fáil, a mheastar a bheidh go mall ag deireadh Aibreáin go lár mhí na Bealtaine.

7.6 Cén próiseas atá ann má théann an scoil i dteagmháil le hOibreoir Painéil le rá nach bhfuarthas aon fhreagra ar fhógra ar educationposts.ie nó staffroom.ie?

Ar dtús, beidh ar an Oibreoir Painéil taifid na scoile don phróiseas fógraíochta a sheiceáil. Má bhíonn sé/sí sásta gur lean an scoil na nósanna imeachta cuí beidh air/uirthi ansin teagmháil a dhéanamh le Rannóg Leithdháileadh Bunmhúinteoirí na Roinne chun na chéad chéimeanna eile a bhreithniú.

7.7 Conas a bheidh a fhios ag an Oibreoir Painéil go bhfuil a bpoist fholmha á dtairiscint ag scoileanna do na múinteoirí ar an bPríomhphainéal ath-implonaithe?

De réir mar a fhaigheann Cathaoirleach ar Bhord Bainistíochta ríomhphost lena nglacann múinteoir(i) ar an bPríomhphainéal ath-implonaithe le post/poist, ní mór dó/di, laistigh den tréimhse 24 uair dár gcionn, fógra a thabhairt duitse an t-Oibreoir Painéil. Is féidir an fógra sin a thabhairt ó bhéal ach ní mór é a dheimhniú freisin, gan aon mhoill, trí ríomhphost.

7.8 An gá don Oibreoir Painéil fógra a thabhairt do dhuine ar bith go bhfuil folúntas líonta?

Ní mór don Oibreoir Painéil pearsanra ábhartha sa Rannóg Leithdháileadh Bunmhúinteoirí na Roinne a choinneáil ar an eolas faoi ngluaiseacht sa phainéal ar bhonn rialta.

Má tá an painéal glanta, ní mór duit fógra a thabhairt don Roinn dá réir.

Foilseoidh an Roinn nuashonruithe rialta painéil ar an suíomh Gréasáin, rud a chuirfidh scoileanna agus múinteoirí ar an eolas faoin dul chun cinn atá á dhéanamh ar an bpróiseas ath-implonú buanmhúinteoirí/múinteoirí CID.

Ní mór an fráma ama don phróiseas atá á stiúradh ag an scoil le hath-implonú ar bhuanmhúinteoirí agus múinteoirí CID le cois a chríochnú faoi lár mhí Bealtaine 2019.

7.9 Cad é a ba chóir d'Oibreoir Painéil a dhéanamh má tá aon imní air/uirthi faoi dul chun cinn maidir leis an bpainéal a ghlanadh?

Ba chóir don Oibreoir Painéil dul i dteagmháil le Rannóg Leithdháileadh Bunmhúinteoirí na Roinne maidir leis an gceist seo.

7.10 Cad é a tharlóidh tar éis lár mhí na Bealtaine?

Maireann an fráma ama don phróiseas atá á stiúradh ag an scoil le hath-implonú ar bhuanmhúinteoirí agus múinteoirí CID le cois go dtí lár mí na Bealtaine. Tabharfar comhairle i leith an dáta nuair a fhoilsítear painéil ath-implonnaithe. Le linn an phróisis ath-implonnaithe beidh dlúthchaidreamh ag an Roinn le hOibreoirí Painéil maidir le dul chun cinn ar phainéil a ghlanadh ar bhealach tráthúil. Is í an sprioc atá ann ná go ndéanfar tromlach mór an ath-implonnaithe faoi lár mhí na Bealtaine le linn an phróisis atá á stiúradh ag an scoil. Ceapfar Oifigigh Painéil i ndiaidh an dáta sin. Tosóidh próiseas na nOifigeach Painéil leis an scoil sa phátrúnacht chéanna a bhfuil folúntas aici agus is gaire don scoil ina bhfuil an múinteoir le cois.

Roinn 8 - Treoir d'Oifigigh Phainéil

Ceaptar Oifigigh Phainéil chun déileáil le deacrachtaí a bhaineann le feidhmiú an phainéil ath-implonaithe. Má fheidhmítear an próiseas ath-implonaithe go maith, beidh níos lú le déanamh ag an Oifigeach Painéil.

Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara go bhfeidhmíonn an córas scoileanna agus Oifigigh Phainéil ar an mbonn go bhfuil ath-implonú na mbuanmhúinteoirí agus na múinteoirí CID le cois uile riachtanach do chumas na Roinne chun bainistiú laistigh dá buiséad párolla agus den teorainn le líon na múinteoirí.

Eisítear an treoir seo a leanas d'Oifigigh Phainéil ar mhaithe le tuilleadh soiléire agus trédhearcachta a chur leis an bpróiseas a úsáidtear chun scoil a aithint le haghaidh ath-implonú múinteora.

An Múinteoir: Is é an chéad chéim ná a sheiceáil an bhfuil an múinteoir atá ar an bpainéal ar an múinteoir is sóisearaí ina scoil féin nó nach bhfuil. Mura bhfuil sé/sí ar an múinteoir is sóisearaí, gheobhaidh an tOifigeach Painéil amach ar cheadaigh an Pátrún ábhartha go gcuirfí an múinteoir lena mbaineann ar an bpainéal ath-implonaithe nó nár cheadaigh.

An Scoil: Is é an chéad chéim eile ná tús a chur leis an bpróiseas chun scoil a fhreastalóidh ar ath-implonú an mhúinteora a aithint. I dtús an phróisis sin, féachfar ar na scoileanna den phátrúnacht chéanna atá lonnaithe is gaire don scoil inar oibrigh an múinteoir le cois. Bainfear úsáid as Córas Faisnéise Geografaí (GIS) na Roinne chun na scoileanna is gaire a shainaithint. Tabharfar deis do na scoileanna sin Foirm PO19/20 a chomhlánú, rud ina leagtar amach an teagmháil a bhí ag an scoil leis an bpróiseas ath-implonaithe. Tabharfar an fhoirm sin don Oifigeach Painéil ina dhiaidh sin (fad a rinne an scoil an fhoirm a chomhlánú). Déanfar breithniú ar scoileanna a bhfuil buanfolúntas acu ar dtús agus ansin, más gá é, déanfar breithniú ar scoileanna a bhfuil folúntas ar théarma seasta acu.

Is é an chéad rud a tharlóidh ansin go ndéanfaidh **an tOifigeach Painéil** teagmháil teileafóin leis an Oibreoir Painéil (rúnaí oideachais de chuid deoise, etc.) chun é/í féin a fhógairt mar Oifigeach Painéil agus chun deis a thabhairt don Oibreoir Painéil aon fhaisnéis ábhartha a sholáthar don Oifigeach Painéil maidir le hath-implonú na múinteoirí eile ar an bPríomhphainéal Ath-implonaithe.

Is é an chéad chéim eile don Oifigeach Painéil teagmháil teileafóin a dhéanamh leis na Cathaoirligh ar Bhoird Bhainistíochta na scoileanna (agus le Príomhoidí na Scoileanna sin, más féidir é) atá ar na cinn is gaire don mhúinteoir ar an bPríomhphainéal (de réir na Roinne). Tabharfaidh an méid sin deis don scoil aon fhaisnéis ábhartha a sholáthar don

Oifigeach Painéil maidir lena folúntas a líonadh tríd an múinteoir ar an bPríomhphainéal a ath-implonú.

Tar éis don Oifigeach Painéil faisnéis a fuarthas ón Oibreoir Painéil agus ó na scoileanna comharsanacha a bhreithniú, roghnóidh sé/sí an scoil is oiriúnaí d'ath-implonú an mhúinteora.

Cuirfear cinneadh an Oifigh Phainéil in iúl don Phátrún, don Roinn agus don scoil ábhartha agus beidh sé ceangailteach ar na páirtithe uile.

Foirm PO19/20

Le comhlánú ag an scoil a bhfuil buanfholúntas nó folúntas ar théarma seasta aici agus le seoladh ar ais chuig Rannóg Leithdháileadh Bunmhúinteoirí na Roinne. Cuirfear an fhoirm seo ar aghaidh chuig an Oifigeach Painéil.

Ainm na Scoile:	Uimh. Rolla:
Seoladh na Scoile:	
Uimhir ghutháin an Chathaoirligh:	
Seoladh ríomhphoist an Chathaoirligh:	
1. Ar cuireadh fianaise scríofa ar na folúntais uile in iúl don oibreoir painéil laistigh den tréimhse ama chuí?	
Cuireadh	<input type="checkbox"/>
Níor cuireadh	<input type="checkbox"/>
2. Líon na bhfolúntas a cuireadh in iúl don oibreoir painéil:	
Buan	<input type="checkbox"/>
Ar théarma	<input type="checkbox"/>
An Príomhphainéal:	
1. Líon na dtairiscintí a rinneadh go tráthúil do bhuanmhúinteoirí ar an bPríomhphainéal don scoilbhliain 2019/20:	
Líon na dtairiscintí	<input type="checkbox"/>
2. Líon na bhfolúntas a líonadh trí bhuanmhúinteoir ón bPríomhphainéal a ath-implonnú:	
Buan	<input type="checkbox"/>
Ar théarma	<input type="checkbox"/>
3. Líon na mbuanfholúntas sa scoil sa scoilbhliain 2018/19 agus líon na mbuanfholúntas sin a líonadh trí bhuanmhúinteoir ón bPríomhphainéal a cheapadh:	
Líon na mBuanfholúntas	<input type="checkbox"/>
An líon a líonadh ón	<input type="checkbox"/>
4. Líon na mbuanfholúntas sa scoil sa scoilbhliain 2017/18 agus líon na mbuanfholúntas sin a líonadh trí bhuanmhúinteoir ón bPríomhphainéal a cheapadh:	
Líon na mBuanfholúntas	<input type="checkbox"/>
An líon a líonadh ón	<input type="checkbox"/>

An Painéal Forlionsach:

1. Líon na dtairiscintí a rinneadh go tráthúil do mhúinteoirí ar an bPainéal Forlionsach:

Líon na dtairiscintí

2. Líon na bhfolúntas a líonadh trí mhúinteoir ón bPainéal Forlionsach a ath-implonú:

Buan

3. Líon na mbuanfholúntas sa scoil sa scoilbhliain 2018/19 agus líon na mbuanfholúntas sin a líonadh trí bhuanmhúinteoir ón bPríomhphainéal a cheapadh:

Líon na mBuanfholúntas

An líon a líonadh ón bPainéal

4. Líon na mbuanfholúntas sa scoil sa scoilbhliain 2017/18 agus líon na mbuanfholúntas sin a líonadh trí bhuanmhúinteoir ón bPainéal Forlionsach a cheapadh:

Líon na mBuanfholúntas

An líon a líonadh ón bPainéal

Ba chóir eolas ábhartha breise faoi líonadh an fholúntais don scoilbhliain 2019/20 a leagan amach thíos:

